C/2025/509

28.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/509)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Sierras de Málaga’

PDO-ES-A1480-AM03

Dáta na teachtaireachta: 29 Deireadh Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

CINEÁLACHA NUA A THABHAIRT ISTEACH

Tuairisc:

Leathnaíodh an liosta de chineálacha fíonchaor a bhfuil craiceann dearg orthu is féidir a úsáid chun fíon atá cosanta ag ATFC a dhéanamh chun Melonera agus Garnacha Tintorera a áireamh.

Leasaíodh Roinn F den tsonraíocht agus Roinn 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin i gcomhréir le hAirteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024.

Cúiseanna

Rinne dúchan fiollocsaeire ag deireadh an 19ú céad scrios ar an oidhreacht chineáil, chomh maith leis an limistéar atá tiomnaithe d’fhíonsaothrúchán a laghdú agus a roinnt, agus fíonghoirt ar fud chúige Málaga scaipthe.

Ó bhí na 1980idí ann, tá táirgeoirí ag déanamh obair thábhachtach nuálach agus thurgnamhach ar chineálacha, ag tarrtháil fíonchaora stairiúla agus ag tabhairt isteach fíonchaora eile a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil rath orthu i limistéir fíonsaothrúcháin chomharsanacha (agus na cineálacha fíonta a fhaightear uathu). Is é an toradh a bhí ar an obair sin gur aithníodh ATFC ‘Sierras de Málaga’ in 2000.

Dá bhrí sin, tá dlúthbhaint idir saintréithe agus gnéithe tipiciúla ATFC ‘Sierras de Málaga’ agus an timpeallacht nádúrtha éagsúil agus struchtúr na críche (agus na fíonghoirt scaipthe thart agus beag i dtéarmaí toisí). Méadaíonn sé sin an ghné terroir agus bíonn fíonta ar ardchaighdeán an-léiritheach dá thoradh sin.

Mar thoradh ar an bhfócas ar nuálaíocht in earnáil fíona ATFC ‘Sierras de Málaga’ cuireadh cineálacha nua isteach go leanúnach sna leasuithe comhleanúnacha ar an tsonraíocht táirge ó foilsíodh í in 2000, mar gheall ar thabhairt isteach cineálacha stairiúla a fásadh ar dtús sa limistéar chomh maith le cineálacha eile ar cruthaíodh go raibh rath orthu i limistéir fíonsaothrúcháin chomharsanacha.

Melonera: Cineál traidisiúnta a théann roimh fhiollocsaeire, dá dtagraíonn Rojas Clemente ina 1807 ‘Ensayo sobre las variedades de la vid común que vegetan en Andalucía’ (Aiste maidir le cineálacha na fíniúna coitinne a fhásann san Andalúis, nár fásadh ar bhonn tráchtála. Bhunaigh Aireacht Réigiúnach Talmhaíochta, Iascaigh, Uisce agus Forbartha Tuaithe Rialtas Réigiúnach na hAndalúise tionscadal taighde agus forbartha trí ‘Centro IFAPA Rancho de la Merced’ in Jerez chun an cineál sin a athbhunú. Bhí baint ag an mBord Rialála um Ainmniúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint ‘Málaga’, ‘Sierras de Málaga’ agus ‘Pasas de Málaga’ leis na mionsonraí riaracháin a rialáil. Tá an cineál sin údaraithe san Andalúis faoi láthair, agus sin an fáth a áirítear é sa tsonraíocht.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Garnacha Tintorera: Sna tuarascálacha teicniúla arna soláthar ag fíoneolaithe fhíonlanna an Bhoird Rialála a thacaíonn leis an iarratas chun an cineál sin a áireamh sa tsonraíocht táirge, áitítear gur cineál simplí é, atá oiriúnaithe go maith d'aeráid an limistéir gheografaigh chríochaithe sa tsonraíocht, le meánriachtanas uisce agus cóimheas ard táirgeachta le hídiú uisce, rud a d'fhéadfadh cuidiú leis an laghdú ar mheántáirgeacht táirgthe mar gheall ar ghanntanas báistí a chúiteamh. Is cineál é nach bhfuil íogair do na galair agus na lotnaidí atá coitianta sa limistéar geografach, amhail coincleach phúdrach agus an damhán alla saic bhuí. Bíonn neart alcóil níos ísle ná Garnacha Tinta mar thoradh air sin freisin, ós rud é go bhfásfaidh a fhíonchaora níos mó faoi na dálaí fáis céanna. Is buntáiste é sin chun neart alcóil faighte na bhfíonta a laghdú. Ós rud é go bhfuil a bhia daite, tá cion deiridh na n-antóiciaininí (frithocsaídeoirí) i bhfad níos airde ná cion deiridh na gcineálacha fíonchaor eile. Fágann sé sin go bhfuil sé an-tarraingteach d'fhonn é a aosú, go maireann an fíon níos faide, agus ar bhonn tráchtála tá sé tarraingteach do go leor tomhaltóirí atá ag lorg saintréithe seachas saintréithe orgánaileipteacha.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Sierras de Málaga

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath idir buí éadrom agus sean-ór.

Dea-bholadh: Déine aramatach inaitheanta, torthaíoch.

Blas: Déine bhlais inaitheanta, aigéadacht inaitheanta. Iarbhlas idir gearr agus fada.

* Comhlíonann aon luach nach dtaispeántar anseo na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 10

— Aigéadacht iomlán íosta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

2. *Fíon rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath idir craiceann oinniúin agus bándearg scothdhearg agus ruainnín rúibín.

Dea-bholadh: Déine aramatach inaitheanta, torthaíoch agus bláthach.

Blas: Déine bhlais inaitheanta. Aigéadacht inaitheanta agus géire. Iarbhlas idir gearr agus fada.

* Comhlíonann aon luach nach dtaispeántar anseo na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 11

— Aigéadacht iomlán íosta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

3. *Fíon dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath idir corcairghorm agus slinndearg.

Dea-bholadh: Déine inaitheanta, torthaíoch.

Blas: Déine bhlais inaitheanta. Aigéadacht agus dlús inaitheanta. Agus géire. Iarbhlas idir gearr agus an-fhada.

* Comhlíonann aon luach nach dtaispeántar anseo na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 12

— Aigéadacht iomlán íosta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

4. *Fíon dearg ó fhíonchaora ró-aibí*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: Dath idir corcairghorm agus caordhearg dorcha.

Dea-bholadh: Déine aramatach inaitheanta, torthaíoch.

Blas: Déine bhlais inaitheanta; Aigéadacht inaitheanta agus géire. Dlús idir éadrom agus an-inaitheanta. Iarbhlas idir gearr agus an-fhada.

* Comhlíonann aon luach nach dtaispeántar anseo na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 12

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Déantar an t-aosú i mbairillí darach agus an córas 'añadas' á úsáid.

Is féidir tagairtí do na téarmaí traidisiúnta 'Crianza', 'Reserva' agus 'Gran Reserva' mar a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme a úsáid le haghaidh na bhfíonta ar bhonn roghnach.

2. Srian ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Níor cheart don táirgeacht 70 % a shárú (lítir fíona/kg fíonchaor) mar gheall ar an mbrú a chuirtear i bhfeidhm agus úrfhíonta agus fíonta á dtáirgeadh.

Ní cheadaítear an neart alcóil nádúrtha a mhilsiú ná a shaibhriú go saorga. Ní mór an neart alcóil nádúrtha agus na siúcraí iarmharacha sna fíonta a chumhdaítear leis an ATFC a bheith nádúrtha i gcónaí.

3. Cleachtais fáis

Ní mór an bhuaint a dhéanamh go heisiach as fíonchaora sláintiúla agus aibí. Féadfar fíonchaora ró-aibí a úsáid le haghaidh fíonta ag a bhfuil méid siúcra iarmharaigh níos mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir. Is é 10 % de réir toirte neart alcóil nádúrtha íosta na dtáirgí incháilithe sa chatagóir 'fíon'. Fíonchaora a bhuantar ó dháileachtaí talún ag a bhfuil neart alcóil féideartha níos ísle, níl siad oiriúnach chun fíonta a chosnaítear le ATFC a dhéanamh, cé is moite den chatagóir 'fíon ó fhíonchaora ró-aibí', nach mór neart alcóil nádúrtha níos airde ná 15 % de réir toirte a bheith acu.

I bhfolimistéar 'Serranía de Ronda', ní mór an bhuaint a dhéanamh de láimh. Ní mór na fíonchaora a chur i bpacáistí nach mó a meáchan ná 30 kg agus iad a iompar sna coimeádáin chéanna.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fíonchaor geal

12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

84 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha fíonchaor dearg

9 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. I bhfolimistéar 'Serranía de Ronda'

9 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar táirgeachta le haghaidh fíonta a chumhdaítear le hainmniúchán tionscnaimh 'Sierras de Málaga' comhdhéanta de na bardais seo a leanas: Málaga, Alameda, Alcaucín, Alfarnate, Alfarnatejo, Algarrobo, Algatocín, Alhaurín de la Torre, Alhaurín el Grande, Almáchar, Almargen, Almogía, Álora, Alozaina, Alpandeire, Antequera, Árchez, Archidona, Ardales, Arenas, Arriate, Atajate, Benadalid, Benahavís, Benalauría, Benalmdena, Benamargosa, Benamocarra, Benaoján, Benarrabá, El Borge, EL Burgo, Campillos, Canillas de Aceituno, Canillas de Albaida, Cañete la Real, Carratraca, cartajima, Cártama, Casabermeja, Casarabonela, Casares, Coín, Colmenar, Comares, Cómpeta, Cortes de la Frontera, Cuevas Bajas, Cuevas del Becerro, Cuevas de San Marcos, Cútar, Estepona, Faraján, Frigiliana, Fuengirola, Fuentepiedra, Gaucín, Genalguacil, Guaro, Humilladero, Igualeja, Istán, Iznate, Jiména de líbar, Jubrique, Júzcar, Macharaviaya, Manilva, Marbella, Mijas, Moclinejo, Mollina, Monda, Montecorto, Montejaque, Nerja, Ojén,

Parauta, Periana, Pizarra, Pujerra, Rincón de la Victoria, Riogordo, Ronda, Salares, Sayalonga, Sedella, Serrato, Sierra de Yeguas, Teba, Tolox, Torremolinos, Torrox, Totalán, Valle de Abdalajís, Vélez-Málaga, Villanueva de Algaidas, Villanueva de la Concepción, Villanueva del Rosario, Villanueva de Tapia, Villanueva del Trabuco, La Viñuela agus Yunquera, ar le cúige Málaga iad, mar aon le bardais Benamejí agus Palenciana i gCúige Córdoba.

Folimistéar: Aonad geografach atá níos lú ná an limistéar táirgthe, ar timpeallacht gheografach aonchineálach é, agus a bhfuil feidhm ag ceanglais dhifreáilte áirithe maidir leis.

Limistéar: Aonad geografach atá níos lú ná an limistéar táirgthe, arb é is saintréith dó timpeallacht gheografach ina bhfuil aonchineálacht áirithe.

Laistigh den limistéar táirgthe a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh 'Sierras de Málaga', déantar idirdhealú idir an folimistéar a ainmnítear go traidisiúnta 'Serranía de Ronda', ceantar nádúrtha ina mbaineann bardais Algatocín, Alpandeire, Arriate, Atajate, Benadalid, Benalauría, Benaoján Benarrabá, Cartajima, Cortes de la Frontera, Cuevas del Becerro, Faraján, Gaucín, Genalgaucín, Igualeja, Jimena de Líbar, Jubrique, Júzcar, Montecorto, Montejaque, Parauta, Pujerra, Ronda agus Serrato.

Laistigh den limistéar táirgthe, déantar idirdhealú freisin maidir leis na limistéir seo a leanas: 'Axarquía', ar leis bardais Alcaucín, Alfarnate, Alfarnatejo, Algarrobo, Almáchar, Árchez, Arenas, Benamargosa, Benamocarra, Borge, Canillas de Aceituno, Canillas de Albaida, Comares, Cómpeta, Cútar, Frigiliana, Iznate, Macharaviaya, Moclinejo, Nerja, Periana, Rincón de la Victoria, Riogordo, Salares, Sayalonga, Sedella, Torrox, Totalán, Vélez-Málaga agus La Viñuela.

'Montes de Málaga', lena mbaineann bardais Alhaurín de la Torre, Alhaurín el Grande, Almogía, Álora, Antequera (an chuid atá suite ó dheas den Sierra Pelada, Sierra de las Cabras, Sierra Prieta, Sierra del Co agus sléibhte Sierra de Camarolas), Ardales, Carratraca, Cártama, Casabermeja, Coín, Colmenar, Málaga, Pizarra, Torremolinos agus Villanueva de la Concepción.

'Manilva', ar leis bardais Manilva, Casares agus Estepona.

'Costa Occidental' [West Coast], ar leis bardais Benahavís, Benalmádena, Fuengirola, Marbella agus Mijas.

'Norte de Málaga', ar leis bardais Alameda, Almargen, Antequera, Archidona, Benamejí, Campillos, Cañete la Real, Cuevas Bajas, Cuevas de San Marcos, Fuentepiedra, Humilladero, Mollina, Palenciana, Sierra de Yeguas, Teba, Valle de Abdalajís, Villanueva de Algaidas, Villanueva del Rosario, Villanueva de Tapia agus Villanueva del Trabuco.

'Sierra de las Nieves', ar leis bardais Alozaina, El Burgo, Casarabonela, Guaro, Istán, Monda, Ojén, Tolox agus Yunquera.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

BLAUER LIMBERGER - BLAUFRÄNKISCH

CABERNET FRANC

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

COLOMBARD

DORADILLA

GARNACHA BLANCA

GARNACHA TINTA

GARNACHA TINTORERA

GEWÜRZTRAMINER

GRACIANO

JAÉN TINTO

LAIREN

MACABEO - VIURA

MALBEC

MALVASIA AROMÁTICA

MELONERA

MERLOT

MONASTRELL

MONTÚA - CHELVA

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO - MOSCATEL MORISCO

MOSCATEL NEGRO

PARDINA - JAÉN BLANCO

PEDRO XIMÉNEZ

PERRUNO

PETIT VERDOT

PINOT NOIR

RIESLING

ROME

SAUVIGNON BLANC

SYRAH

TEMPRANILLO

TINTILLA DE ROTA

TINTO VELASCO - BLASCO

VERDEJO

VERMENTINO

VIJARIEGO BLANCO - BIGIRIEGO

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Léiríonn éagsúlacht na gcineálacha fíonta agus an raon saintréithe laistigh díobh siúd den chineál céanna (geal, rosé nó dearg) an idirghníomhaíocht idir an timpeallacht nádúrtha chasta agus éagsúil atá mar bhonn taca lena dtáirgeadh, an iliomad cineálacha de thionscnaimh éagsúla (cineálacha stairiúla, cineálacha oiriúnaithe andúchasacha agus cineálacha dúchasacha tarrtháilte) a mbíonn rath orthu in aeráid fhabhrach an limistéir táirgeachta, agus castacht a rilífe. Cuireann na tosca sin uile le fíonghoirt a bheith beag, rud a mhéadaíonn éifeacht an terroir.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an bpatrún teochta le linn aibithe, rud a imríonn tionchar mór ar inathraitheacht miondifríochtaí sna dea-bholaithe agus i gcáilíocht na bpolaifeanól. Is gnách go mbíonn na teochtaí sa limistéar measartha, agus titeann siad le linn na hoíche. Déantar an teas a bhfuil coinne leis le haghaidh an domhanleithead a fhrithchothromú leis an suíomh i gcrios idirthurais aeráide agus le tosca eile a bhaineann leis an méasaeráid. Gné aeráide amháin atá ábhartha go háirithe is ea uaireanta fada gréine, toisc go bhfuil sé sin fabhrach do tháirgeadh úrfhíonta ag a bhfuil an neart ard nádúrtha is gá chun fíonta a dhéanamh as fíonchaora ró-aibí.

Ar chúiseanna a bhaineann le comhdhéanamh, uigeacht agus/nó grádán, bíonn draenáil mhaith ag na hithreacha go ginearálta. In éineacht le leibhéil torthúlachta idir meánach agus íseal, cuireann sé sin le tiúchan na gcomhdhúl aramatach agus cuireann sé le fíneáltacht na bhfíonta.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Féadfar an t-aonad geografach níos mó a léiriú ar bhonn roghnach: ‘An Andalúis’, an réigiún ina bhfuil an crios faoi chosaint ina iomláine.

— Aonaid gheografacha níos lú. Déantar tagairtí don fholimistéar, do na limistéir táirgeachta éagsúla agus do na bardais sa limistéar críochaithe a rialáil go sainráite.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://lajunta.es/505uu